Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2025
(OR. en)

6964/25
PV CONS 9
SOC 119
EMPL 81
SAN 84
CONSOM 38

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE[1] AN AONTAIS EORPAIGH
(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

10 Márta 2025

1 D'fhreastail cathaoirligh an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) faoi seach air a mhéid a bhaineann leis na míreanna faoi 'gníomhaíochtaí neamhreachtacha' agus 'aon ghnó eile'..

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 6576/25.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**2. Seimeastar Eorpach 2025: Dúshláin a bhaineann leis an gclaochlú geal-liath – Dreasachtaí agus réitigh shistéamacha chun gníomhaíocht ghairmiúil dheonach leathnaithe do dhaoine scothaosta a chur chun cinn** [2] 6350/25

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le 'Dúshláin an chlaochlaithe gheal-liath: Dreasachtaí agus réitigh shistéamacha chun gníomhaíocht ghairmiúil dheonach leathnaithe daoine scothaosta a chur chun cinn', ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**(a) Gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Mholadh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro** 6274/25

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Mholadh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

**(b) Tuarascáil Chomhphháirteach 2025 ar Fhostaíocht** 6435/1/25 REV 1 + COR 1

*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle an Tuarascáil Chomhphháirteach 2025 ar Fhostaíocht.

**(c) Conclúidí maidir leis an Tuarascáil Chomhphháirteach 2025 ar Fhostaíocht** 6460/25

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le Tuarascáil Comhpháirteach ar Fhostaíocht 2025.

**(d) Pleananna Struchtúracha Fioscacha Meántéarmacha: Litir ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta** 6498/25
*Cur i láthair ó na cathaoirligh faoi seach*

Thug an Chomhairle dá haire gur chuir Cathaoirleach an Choiste Fostaíochta agus Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta a litir maidir leis na Pleananna Fioscacha Struchtúrtha Meántéarmacha i láthair.

**Aon ghnó eile**

3. **(a) Imeachtaí Uachtaránachta** 6459/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na huachtaránachta.

**(b) Cruinniú mullaigh sóisialta trípháirteach** 6439/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir leis an gcruinniú mullaigh sóisialta tríthaobhach.

**(c) Cláir oibre 2025 an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta** 5977/25 6048/25
*Faisnéis ó na Cathaoirligh faoi seach*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Cathaoirleach an Choiste Fostaíochta agus Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta ar fáil maidir le cláir oibre na gCoistí do 2025.

**(d) Aontas na Scileanna** 6463/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hAontas na Scileanna.

**(e) Comhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach** [2] 6464/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an gComhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach.

**(f) Treoir 79/7 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile: An gá í a nuashonrú** [2] 6466/25
*Faisnéis ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn ar fáil maidir leis an ngá atá le nuashonrú a dhéanamh ar Threoir 79/7 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile.

**(g) Tograí reachtacha reatha (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme (Airteagal 19)** [1][S] 6836/25
*Faisnéis ón mBeilg, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ísiltír ar fáil i ndáil leis an Treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme (Airteagal 19). Chuir an Ghréig agus an Liotuáin in iúl freisin go dtacaíonn siad leis an treoir ó bhéal le linn an chruinnithe.

---

[1] An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[S] Nós imeachta reachtach speisialta